Rialáil Seirbhísí Leanaí,
Cigireacht Luathbhlianta,
2ú Urlár, Teach an Inbhir,
Sráid Anraoi,
Luimneach.
Teil: 061 461700
R-phost: ey.registration@tusla.ie

10 Eanáir 2021

Maidir le: Fógra COVID-19 - Seirbhísí Luathbhlianta

A Sholáthraí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táim ag scríobh chugat chun a chur i gcuimhne duit go bhfuil sé de cheangal dlíthiúil ort mar sholáthraí cláraithe fógra a thabhairt don Chigireacht Luathbhlianta laistigh de thrí lá oibre ó bheith ar an eolas faoi theagmhas infhógartha. Sainmhínítear sa reachtaíocht na himthosca a éilíonn fógra a thabhairt do Tusla agus soláthraítear na sonraí sa nasc atá faoi iamh.
https://www.tusla.ie/services/preschool-services/notification-of-incidents-form/

Ag an am seo toisc a choitianta atá COVID-19 sa phobal tá sé tábhachtach a shoiléiriú tuilleadh go bhfuil gá le fógraí COVID-19 sa chás

1. go ndéantar diagnóis ar leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an seirbhís, ar fhostaí, ar oibrí gan phá, ar chonraitheoir nó ar dhuine eile atá ag obair sa tseirbhís.
2. má tá cásanna iolracha i do sheirbhís is leor fógra amháin agus cuir sonraí faoi chásanna gaolmhara san áireamh ar an bhfoirm.
3. baineann fógraí go sainiúil leis an láithreán.

Tá an fhoirm um fhógra COVID-19 mar aon le heolas eile maidir le COVID-19 a bhainistiú i do sheirbhís ar fáil ag an nasc; Covid-19 Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le do thoil le ey.registration@tusla.ie nó déan teagmháil le do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae áitiúil le haghaidh tacaíochta, tá sonraí ar fáil ag www.myccc.ie.

Mise le meas,

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Rialáil Seirbhísí Leanaí,
Cigireacht Luathbhlianta,
2ú Urlár, Teach an Inbhir,
Sráid Anraoi,
Luimneach.
Teil: 061 461700
R-phost: ey.registration@tusla.ie

Eibhlin O'Leary

Ceann Cigireachta agus Measúnaithe

Rialáil Seirbhísí Leanaí